**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Cúigiú Dlísheomra) an 30 Aibreán 2026 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão – an Phortaingéil) – Liga Portuguesa de Futebol Profissional (LPFP), CD Tondela – Futebol, SAD, agus páirtithe eile v Autoridade da Concorrência**

**(Cás C-133/24, ([1]) CD Tondela agus páirtithe eile)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Sacar gairmiúil – Comhaontú gan imreoirí a phóitseáil, arna thabhairt i gcrích ag comhlachas spóirt náisiúnta agus ag grúpa clubanna tar éis shéasúr spóirt 2019/2020 a chur ar fionraí mar gheall ar phaindéim COVID-19 – Airteagal 101(1) CFAE – Teorainn a chur le hiomaíocht trí chuspóir nó trí éifeacht – Margadh fostaíochta – Earcaíocht na n-imreoirí ag clubanna – Foirceannadh aontaobhach an chonartha fostaíochta ag imreoirí – Dul in éag an chonartha fostaíochta – Ábhar an chomhaontaithe – An comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil a bhfuil an comhaontú sin mar chuid de – Cuspóirí oibiachtúla a bhféachtar lena mbaint amach leis an gcomhaontú sin i ndáil le hiomaíocht – Bonn cirt – Coinníollacha – Cuspóirí dlisteanacha a shaothrú ar mhaithe le leas an phobail – Riachtanas – Comhréireacht)***

(C/2026/3375)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

## An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão

## Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóirí:* Liga Portuguesa de Futebol Profissional (LPFP), CD Tondela – Futebol, SAD, Clube Desportivo Feirense – Futebol, SAD, Académico de Viseu Futebol Clube – Futebol, SAD, Os Belenenses – Sociedade Desportiva de Futebol, SAD, Boavista Futebol Clube – Futebol, SAD, Sporting Clube de Braga – Futebol, SAD, Sporting Clube da Covilhã – Futebol, SDUQ, Lda., Estoril Praia – Futebol, SAD, Gil Vicente Futebol Clube – Futebol, SDUQ, Lda., Leixões Sport Clube – Futebol, SAD, Clube Desportivo de Mafra – Futebol, SDUQ, Lda., União Desportiva Oliveirense – Futebol, SAD, Futebol Clube de Paços de Ferreira, SDUQ, Lda., Futebol Clube de Penafiel, SAD, Portimonense Futebol, SAD, Rio Ave Futebol Clube – Futebol, SDUQ, Lda., Santa Clara Açores – Futebol, SAD, Varzim Sport Club – Futebol, SDUQ, Lda., União Desportiva Vilafranquense – Futebol, SAD, Futebol Clube de Famalicão – Futebol, SAD, Associação Académica de Coimbra – Organismo Autónomo de Futebol, SDUQ, Lda., Moreirense Futebol Clube – Futebol, SAD, Marítimo da Madeira, Futebol, SAD, Vitória Sport Clube – Futebol, SAD, Futebol Clube do Porto – Futebol, SAD, Sporting Clube de Portugal – Futebol, SAD, Sport Lisboa e Benfica – Futebol, SAD

*Cosantóir:* Autoridade da Concorrência

## An chuid oibríochtúil

1) Tá Airteagal 101(1) CFAE le léiriú sa chaoi nach mór comhaontú lenar gheall na clubanna atá rannpháirteach i gcraobhchomórtais sacair ghairmiúil de chuid Ballstáit, i gcomhar leis an gcomhlachas spóirt náisiúnta lena mbaineann, gan a n-imreoirí faoi seach a earcú i gcás ina ndearna na himreoirí sin a gconradh fostaíochta a fhoirceannadh go haontaobhach ag brath ar na deacrachtaí a d’eascair as paindéim COVID-19 nó ar aon chinneadh eisceachtúil a bhaineann leis, agus go háirithe trí shíneadh a chur leis an séasúr spóirt, a aicmiú mar chomhaontú arb é is cuspóir dó an iomaíocht a shrianadh, mura rud é go léirítear na cúiseanna sonracha a measann an t-údarás nó an chúirt inniúil nach féidir glacadh le haicmiú den sórt sin sa scrúdú sonrach ar ábhar an chomhaontaithe sin, ar a chuspóirí oibiachtúla i ndáil le hiomaíocht agus ar a chomhthéacs sonrach eacnamaíoch agus dlíthiúil a bhfuil sé mar chuid de.

2) Tá Airteagal 101(1) CFAE le léiriú sa chaoi nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos leis maidir le comhaontú lenar gheall na clubanna atá rannpháirteach i gcraobhchomórtais sacair ghairmiúla de chuid Ballstáit, i gcomhar leis an gcomhlachas spóirt náisiúnta lena mbaineann, gan a n-imreoirí faoi seach a earcú i gcás ina ndearna na himreoirí sin a gconradh fostaíochta a fhoirceannadh go haontaobhach ag brath ar na deacrachtaí a d’eascair as paindéim

([1]) IO C, C/2024/3891.

COVID-19 nó ar aon chinneadh eisceachtúil a bhaineann leis, agus go háirithe trí shíneadh a chur leis an séasúr spóirt, más rud é, ar thaobh amháin, nach féidir an comhaontú sin a aicmiú mar chomhaontú arb é is cuspóir dó an iomaíocht a shrianadh agus más rud é, ar an taobh eile, go ndéantar a shuíomh go bhfuil údar leis an gcomhaontú sin mar gheall ar chuspóir dlisteanach a shaothrú ar mhaithe le leas an phobail, a ndealraíonn sé a bheith leordhóthanach, riachtanach agus comhréireach sa chiall bheacht.